2024/1792

26.6.2024

CINNEADH (AE) 2024/1792 ÓN GCOMHAIRLE

an 18 Meitheamh 2024

lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hIodáile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 21 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/2350 ([2]), lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún. An 27 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/1346 ([3]), lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún.

(3) Ceapadh Christian SOLINAS mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 23 Feabhra 2024. Dá bhrí sin, tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh.

(4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Luca Rosario Luigi SAMMARTINO a cheapadh.

(5) Mhol rialtas na hIodáile Alessandra TODDE, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Presidente della Regione Sardegna* (Uachtarán Réigiún na Sairdíne), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Mhol rialtas na hIodáile Alessandro ARICÒ, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Assessore della Regione Siciliana* (Aire Réigiún na Sicile), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Alessandra TODDE, *Presidente della Regione Sardegna* (Uachtarán Réigiún na Sairdíne),

agus

(b) mar chomhalta malartach:

— Alessandro ARICÒ, *Assessore della Regione Siciliana* (Aire Réigiún na Sicile).

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2022/2350 ón gComhairle an 21 Samhain 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún (IO L 311, 2.12.2022, lch. 142, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2350/oj).
([3]) Cinneadh (AE) 2023/1346 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún (IO L 168, 3.7.2023, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1346/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 18 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. GILKINET